Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Samhain 2024
(OR. en)

14697/24

LIMITE

SAN 601

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-chonclúidí ón gComhairle maidir le deonú agus trasphlandú orgán a fheabhsú<br>*Formheas* |

1. An 28 Lúnasa 2024, chuir an Uachtarántacht faoi bhráid na Meithle um an tSláinte Phoiblí tacar de dhréachtchonclúidí ón gComhairle maidir le deonú agus trasphlandú orgán.[1]

2. Le roinnt imeachtaí maidir leis na hábhair sin, lena n-áirítear an Chomhdháil Ardleibhéil maidir le Trasphlandú an 11 Iúil 2024 agus cruinniú neamhfhoirmiúil na nAirí Sláinte an 24-25 Iúil 2024, fuarthas ionchur le haghaidh na dréachtchonclúidí ón gComhairle.

3. Scrúdaigh an Mheitheal um an tSláinte Phoiblí na dréachtchonclúidí ón gComhairle ag na cruinnithe a bhí aici an 9 Meán Fómhair agus an 14 Deireadh Fómhair 2024.

4. Tar éis comhairliúchán neamhfhoirmiúil i scríbhinn a tugadh chun críche an 7 Samhain 2024, tháinig an Mheitheal um an tSláinte Phoiblí ar chomhaontú maidir leis an téacs comhréitigh ón Uachtaránacht le haghaidh na gconclúidí ón gComhairle mar a leagtar amach é san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.

[1] 12789/24

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe:

   - an comhaontú ar thángthas air sa Mheitheal, maidir leis na dréachtchonclúidí ón gComhairle mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo iad, a dhearbhú;
   - iad a chur faoi bhráid na Comhairle (an Chomhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí ) chun go bhformheasfar iad ag an seisiún a bheidh aici an 3 Nollaig 2024.

PUBLIC

**IARSCRÍBHINN**

**Dréacht-chonclúidí ón gComhairle maidir le deonú agus trasphlandú orgán a fheabhsú**

**Réamhrá**

Tá dul chun cinn suntasach déanta sa chúram sláinte san Aontas Eorpach maidir leis an gcleachtas i ndáil le deonú orgán daonna le haghaidh trasphlandú, tá réiteach ann chun cóir leighis a chur ar othair a bhfuil cliseadh orgán ag na céimeanna deiridh orthu, agus ar an gcaoi sin feabhas suntasach a chur ar a gcáilíocht saoil agus ar a dtorthaí sláinte, agus i gcás galar duánach ag na céimeanna deiridh, is rogha mhalartach chostéifeachtach ar chóireálacha eile é. Go háirithe, le hiarrachtaí comhoibríocha an Aontais, go háirithe tríd an gcreat reachtach agus an Plean Gníomhaíochta maidir le Deonú agus Trasphlandú Orgán (2009-2015)[1], cuireadh feabhas ar an réimse deonaithe agus trasphlandaithe orgán, rud a fhágann go bhfuil méadú tagtha ar líon na ndeonuithe orgán agus ar rátaí trasphlanduithe agus go bhfuil feabhas tagtha ar cháilíocht agus ar shábháilteacht orgán le haghaidh úsáid chliniciúil. D'ainneoin na n-éachtaí sin, tá an t-éileamh ar thrasphlandú orgán ag méadú i gcónaí, arb é an t-ualach leanúnach a bhaineann le galair neamhtheagmhálacha aibithe agus an daonra atá ag dul in aois is cúis leis. Tarraingíonn sé sin aird ar an ngéarghá atá le hiarrachtaí leanúnacha níos fearr i gcleachtais deonaithe agus trasphlandaithe orgán ar fud na mBallstát. Gan dochar do fhreagrachtaí na mBallstát maidir le sainmhíniú a mbeartas sláinte agus seirbhísí sláinte agus cúram leighis a eagrú agus a sholáthar, is cúram saorálach gan íocaíochtt é deonú ó dheontóirí éagtha agus ó dheontóirí beo, agus ba cheart é a bheith bunaithe ar phrionsabal an altrúchais ar thaobh an deontóra. Cuireann deonú saorálach gan íocaíocht leis an meas ar dhínit an duine agus le cosaint na ndaoine is leochailí sa tsochaí. Cuireann sé freisin le hardchaighdeáin sábháilteachta agus, dá bhrí sin, le cosaint shláinte an duine, rud a mhéadaíonn muinín an phobail as córais deonaithe.

[1] Teachtaireacht ón gCoimisiún – Plean Gníomhaíochta maidir le Deonú agus Trasphlandú Orgán (2009-2015): Comhar neartaithe idir na Ballstáit {COM(2008) 818 final} {SEC(2008) 2956} {SEC(2008) 2957} (COM/2008/0819 final)



PUBLIC

**DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:**

**MEABHRAÍTEAR DI**

1. De bhun Airteagal 168 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), tá ardleibhéal cosanta le haghaidh sláinte an duine le háirithiú i sainiú agus i gcur chun feidhme bheartais agus ghníomhaíochtaí uile an Aontais agus ní mór don Aontas comhar a spreagadh idir na Ballstáit i réimse na sláinte poiblí agus, más gá, tacú lena ngníomhaíocht.

2. Le Treoir 2010/45/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2010 maidir le caighdeáin cháilíochta agus sábháilteachta orgáin an duine atá beartaithe le haghaidh trasphlandú[2], leagtar síos rialacha chun caighdeáin cháilíochta agus sábháilteachta a áirithiú d'orgáin an duine atá beartaithe le haghaidh trasphlandú isteach i gcorp duine eile, chun ardleibhéal cosanta do shláinte an duine a áirithiú.

3. Leag Comhairle an Aontais Eorpaigh béim ar a thábhachtaí atá sé gníomhú ar dheonú agus trasphlandú orgán nuair a d'fhormheas sí na conclúidí ón gComhairle maidir le deonú agus trasphlandú orgán in 2007[3] agus in 2012[4].

---

[2] IO L 207, 6.8.2010, lch. 14
[3] https://ec.europa.eu/health/ph_threats/human_substance/documents/organs_council15332_en.pdf
[4] IO C 396, 21.12.2012, lch.12



PUBLIC

4. Ghlac an Coimisiún Eorpach Teachtaireacht maidir le deonú agus trasphlandú orgán in 2007[5], chomh maith le Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Deonú agus Trasphlandú Orgán don tréimhse 2009-2015[6]. Ina theannta sin, ó 2010 tá tús curtha ag an gCoimisiún le sraith gníomhaíochtaí agus tionscadal comhpháirteach sa réimse deonaithe agus trasphlandaithe orgán[7].

5. Chuir an Stiúrthóireacht Eorpach um Cháilíocht Leigheasra agus Cúraim Sláinte de Chomhairle na hEorpa go mór leis an réimse sin trí chearta bunúsacha agus urraim do chorp an duine a áirithiú, trí fhóram a thabhairt do reachtaíocht agus cleachtais ghairmiúla, trí mhalartú eolais idir tíortha agus institiúidí a éascú, trí fhaireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí ar mhaithe le trédhearcacht agus tagarmharcáil idirnáisiúnta, agus trí chaighdeáin cháilíochta agus sábháilteachta a fhorbairt le foilsiú tréimhsiúil na Treorach maidir le Cáilíocht agus Sábháilteacht Orgán le haghaidh Trasphlandú.

PUBLIC

[5] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le deonú agus trasphlandú orgán: gníomhaíochtaí beartais ar leibhéal an Aontais (2007): {SEC(2007) 704} {SEC(2007) 705} (COM/2007/0275 final).
Leagtar béim sa Teachtaireacht ar an gcomhar idir na Ballstáit maidir le gáinneáil orgán agus ganntanais orgán a bheith mar phríomhthosaíochtaí.

[6] Teachtaireacht ón gCoimisiún – Plean Gníomhaíochta maidir le Deonú agus Trasphlandú Orgán (2009-2015): Comhar neartaithe idir na Ballstáit {COM(2008) 818 final} {SEC(2008) 2956} {SEC(2008) 2957} (COM/2008/0819 final)
Leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta bearta chun infhaighteacht orgán a mhéadú agus chun éifeachtúlacht, inrochtaineacht, cáilíocht agus sábháilteacht na gcóras trasphlandaithe a fheabhsú.

[7] Gníomhaíocht Chomhpháirteach maidir le Malartuithe Frithpháirteacha i ndáil le Deonú agus Trasphlandú Orgán: Cláir maidir le deonú agus trasphlandú orgán duine éagtha a fheabhsú agus a fhorbairt – MODE (2010-2012).

Gníomhaíocht Chomhpháirteach chun Comhordú Cuimsitheach a bhaint amach i nDeonú Orgán ar fud an Aontais Eorpaigh – ACCORD (2012-2015): a bhfuil sé d'aidhm aige samhail a bhunú chun sonraí fornáisiúnta a chomhroinnt maidir le deonú orgán agus comhar praiticiúil a chur chun feidhme idir tíortha an Aontais.

Gníomhaíocht Chomhpháirteach maidir le malartú orgán arna ndeonú i mBallstáit an Aontais a éascú – FOEDUS (2013-2016):ardán a chruthú chun malartuithe orgán trasteorann a bhainistiú (cf. mír 21 de na Conclúidí ón gComhairle maidir le trasphlandú).

EDITH (2017-2020) – Tionscadal lena ndírítear ar chleachtais éagsúla maidir le deonú agus trasphlandú orgán;

BRAVEST (2022-2024) – tionscadal chun feabhas a chur ar an rochtain ar thrasphlandú agus ar thorthaí daoine a fuair trasphlandú.

6. I Rún Mhaidrid 2011 maidir le Deonú agus Trasphlandú Orgán, a d'eascair as an tríú Comhairliúchán Domhanda a bhí ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) maidir le Deonú agus Trasphlandú Orgán, fógraíodh an 'freagracht atá ar náisiúin freastal ar riachtanais na n-othar, i gcomhréir le prionsabail EDS', agus iarradh ar rialtais agus ar ghairmithe cúraim sláinte an neamhthuilleamaíocht a shaothrú dála trasphlandú agus infhaighteacht orgán le haghaidh trasphlandú a uasmhéadú, agus tosaíocht á tabhairt do dheonú ó dheontóirí éagtha[1].

7. Bhí sé d'aidhm ag Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh 2009-2015 maidir le Deonú agus Trasphlandú Orgán an comhar idir na Ballstáit a neartú chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist chriticiúil maidir le ganntanas orgán, agus chun feabhas a chur ar cháilíocht agus ar shábháilteacht orgán le haghaidh trasphlandú. Leagadh amach deich ngníomhaíocht tosaíochta sa phlean faoi thrí phríomhdhúshlán: infhaighteacht orgán a mhéadú, éifeachtúlacht agus inrochtaineacht córas trasphlandaithe a fheabhsú agus cáilíocht agus sábháilteacht a fheabhsú. I measc na bpríomhbheart bhí comhordaitheoirí deontóirí trasphlandaithe a cheapadh in ospidéil, cláir feabhsaithe cáilíochta a chur chun cinn agus malartú dea-chleachtas a chothú. Leagadh béim sa tionscnamh freisin ar an tábhacht a bhaineann le cumarsáid le teaghlach an deontóra chun rátaí deonaithe orgán a mhéadú, agus moladh soghluaisteacht othar agus deontóirí ar fud na mBallstát chun leithdháileadh orgán níos fearr a áirithiú.

8. Tá sé d'aidhm ag Rialachán (AE) 2021/522 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár gníomhaíochta an Aontais i réimse na sláinte ('Clár EU4Health') don tréimhse 2021-2027[2] an tsláinte san Aontas a fheabhsú agus a chothú chun ualach na ngalar teagmhálach agus neamhtheagmhálach a laghdú, trí thacú le cur chun cinn na sláinte agus le galair a chosc, trí neamhionannas ó thaobh na sláinte a laghdú, stíleanna maireachtála sláintiúla a chothú agus rochtain ar chúram sláinte a chur chun cinn.

---

[1] Rún Mhaidrid maidir le Deonú agus Trasphlandú Orgán: an fhreagracht atá ar náisiúin freastal ar riachtanais na n-othar, i gcomhréir le prionsabail na hEagraíochta Domhanda Sláinte. (2011) Trasphlandú; 91, Suppl 11, S29-S31. https://doi.org/10.1097/01.tp.0000399131.74618.a5.

[2] Rialachán (AE) 2021/522 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár do ghníomhaíocht an Aontais i réimse na sláinte ('Clár EU4Health') don tréimhse 2021-2027, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 282/2014. (IO L 107, 26.3.2021, lch. 1).

9. Le Rún 77.4 ón gComhthionól Domhanda Sláinte maidir le 'Infhaighteacht, rochtain eiticiúil agus maoirseacht ar thrasphlandú ceall, fíochán agus orgán daonna a mhéadú'[3], a glacadh i mí na Bealtaine 2024, tathantaítear ar na Ballstáit deonú, trasphlandú agus gníomhaíochtaí leantacha trasphlandaithe a chomhtháthú i gcórais cúraim sláinte ionas go bhféachfar ar dheonú ó dhuine éagtha mar ghnáthchúram agus rogha ag deireadh an tsaoil agus go ndéanfar an trasphlandú a ionchorprú i gcomhordú cúraim othar, agus tathantaítear orthu deonú ó dhuine éagtha a fhorbairt chun an achmhainneacht teiripeach is fearr is féidir a bhaint amach agus an deontóir atá ina bheatha a chosaint, bearta a dhéanamh ionas go mbeidh sé níos fusa rochtain ar theiripí trasphlandaithe a fháil, formhaoirseacht ar chleachtais a fheabhsú agus nuálaíocht sa réimse a chur chun cinn. Iarrann sí ar Rúnaíocht EDS tacú leis na Ballstáit, i measc páirtithe eile, trí Straitéis Dhomhanda um Thrasphlandú a fhorbairt, a bheidh le cur i láthair ag Comhthionól Domhanda Sláinte 2026.

10. I Ráiteas Santander 'I dTreo Cóineasú Domhanda maidir le Trasphlandú: Leordhóthanacht, Trédhearcacht agus Formhaoirseacht'[4], tá moltaí ardleibhéil arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar chúram othar, dul chun cinn a dhéanamh i dtreo leordhóthanacht maidir le trasphlandú, trédhearcacht agus formhaoirseacht ar chleachtais a áirithiú, agus an cosc ar gháinneáil ar dhaoine chun críche orgáin agus substaintí eile de bhunús daonna a bhaint a neartú.

PUBLIC

[3] https://apps.who.int/gb/ebwha/pdf_files/WHA77/A77_R4-en.pdf
[4] https://esot.org/wp-content/uploads/2023/11/SantanderStatement_FINALVERSION.pdf

**MEASANN SÍ AN MÉID SEO A LEANAS**

11. Cuireann trasphlandú orgán feabhas suntasach ar mharthanas othar agus ar cháilíocht saoil, rud a fheidhmíonn mar idirghabháil ríthábhachtach chun bainistiú a dhéanamh ar an tsláinte phoiblí agus ar na hualaí socheacnamaíocha a bhaineann le cliseadh orgán san Aontas. Chuige sin, is gá iarrachtaí leanúnacha a dhéanamh chun feabhas a chur ar chórais deonaithe orgán agus trasphlandaithe ar fud na mBallstát agus dea-fheidhmiú na struchtúr agus an chomhair atá ann cheana á choimirciú agus á áirithiú ag an am céanna.

12. Bhí ról lárnach ag an timpeallacht chomhoibríoch a bunaíodh san Aontas, lena n-áirítear tríd an gcreat reachtach agus trí Phlean Gníomhaíochta an Aontais 2009-2015 maidir le Deonú agus Trasphlandú Orgán, maidir le seirbhísí trasphlandaithe a chur chun cinn, mar a léiríodh le méadú suntasach ar líon na ndeontóirí orgán agus na dtrasphlanduithe le linn thréimhse cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta agus ina diaidh.

13. Tugadh méaduithe faoi deara ar fud cineálacha éagsúla trasphlanduithe orgán le linn Phlean Gníomhaíochta an Aontais 2009-2015, lena n-áirítear méadú 16 % ar thrasphlanduithe duáin agus ae araon, méadú 10 % ar thrasphlanduithe croí, méadú 7 % ar thrasphlanduithe paincréis agus méadú suntasach 41 % ar thrasphlanduithe scamhóige, rud a leagann béim ar an rath a bhí ar thionscnaimh an Aontais maidir le gníomhaíochtaí trasphlandaithe a fheabhsú, agus é mar aidhm acu an méid othar a mhaireann a mhéadú[5].

[5] An Coimisiún Eorpach: An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Thomhaltóirí, Sláinte, Talmhaíocht agus Bia, Schoten, S., Coppen, R., Wiegers, T., Bouwman, R., & Friele, R. (2017). *Study on the uptake and impact of the EU Action Plan on Organ Donation and Transplantation in the EU Member States - FACTOR Study* [Staidéar maidir le glacadh agus tionchar Phlean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Deonú agus Trasphlandú Orgán i mBallstáit den Aontas Eorpach – Staidéar FACTOR]. Oifig na bhFoilseachán. https://data.europa.eu/doi/10.2818/24713

14. D'ainneoin a bhfuil bainte amach le Plean Gníomhaíochta an Aontais, tá dúshláin ann fós, lena n-áirítear na deacrachtaí leanúnacha atá ag tíortha déileáil leis an éileamh méadaitheach ar thrasphlandú orgán, mar thoradh go príomha ar ualach na ngalar neamhtheagmhálach, i gcomhthéacs na n-athruithe déimeagrafacha agus leitheadúlacht na bhfachtóirí riosca atá ag dul i méid, an éagsúlacht sa rochtain ar theiripí trasphlandaithe ar fud na mBallstát nó an gá atá le hathléimneacht na gcóras trasphlandaithe a neartú, mar a léiríodh le linn phaindéim COVID-19[6].

15. Ní i gcónaí a bhíonn méadú ar líon na n-othar a fhaigheann trasphlandú orgán i roinnt Ballstát mar thoradh ar an rath a bhíonn ar na Ballstáit áirithe sin maidir le deonú orgán a mhéadú, agus dá bhrí sin d'fhéadfadh comhar sanAontas a bheith ríthábhachtach chun feabhas a chur ar chúrsaí.

16. Tá roinnt réimsí ríthábhachtacha ann ar gá díriú orthu a thuilleadh, lena n-áirítear: deonú orgán agus malartú orgán trasteorann a fheabhsú, malartuithe idir piaraí a chothú chun cur le feidhmíochtaí ospidéil, malartuithe na dtorthaí eolaíocha is déanaí, comhaontuithe agus tionscnaimh ar fud an Aontais le haghaidh barr feabhais sa trasphlandú a fhorbairt, agus bailiú sonraí agus comhroinnt sonraí maidir le torthaí i ndiaidh an trasphlandaithe a fheabhsú, agus dea-fheidhmiú na struchtúr agus an chomhair atá ann cheana á choimirciú agus á áirithiú ag an am céanna.

[6] Eurotransplant. (2023). Tuarascáil Bhliantúil 2023. https://www.eurotransplant.org/wp-content/uploads/2024/06/ETP_AR2023_LowRes.pdf



PUBLIC

17. De dheasca phaindéim COVID-19, ba léir go raibh leibhéil éagsúla athléimneachta agus leochaileachta ar fud na mBallstát; tháinig laghdú suntasach de 17 % ar dheonú orgán ó dheontóirí éagtha ó 2019 go 2020[1], rud a leag béim ar an ngéarghá atá le hullmhacht neartaithe sna córais sláinte agus le tacaíocht do ghníomhaíochtaí deonaithe orgán le linn géarchéimeanna sláinte domhanda.

18. I bhfianaise na staide a bhí ann le déanaí ina raibh 50 000 duine ag fanacht le trasphlandú san Aontas ag deireadh 2023[2], agus a ríthábhachtaí atá infhaighteacht orgán rud a chiallaíonn bás nó beatha do go leor othar, go háirithe i gcás orgán ríthábhachtach, mar shampla, an t-ae, an croí agus na scamhóga, leagtar béim ar an ngá práinneach atá ann rátaí deonaithe orgán a mhéadú agus córais trasphlandaithe a fheabhsú chun beatha níos mó daoine a shábháil.

19. Leis an trasphlandú, cuirtear teiripe tarrthála agus cáilíocht saoil níos fearr ar fáil d’othair a bhfuil cliseadh orgán ag an gcéim dheiridh orthu, agus is féidir leis réiteach costéifeachtach a chur ar fáil freisin i gcomparáid le cóireálacha eile, cuir i gcás, scagdhealú fadtéarmach, rud a laghdaíonn go mór caiteachas ar chúram sláinte agus a chuireann le hathléimneacht eacnamaíoch na gcóras cúraim sláinte san Aontas.

20. An tionchar a imríonn trasphlandú ar an gcomhshaol, bíonn sé i bhfad níos ísle ná an tionchar a imríonn cóireálacha eile, go háirithe i gcomhthéacs an scagdhealaithe agus cliseadh duáin agus ar an gcaoi sin, cuirtear chun suntais na tairbhí sochaíocha níos leithne a bhaineann le hiarrachtaí i dtaca le trasphlandú a fheabhsú.

21. Molann EDS go mbeadh neamhthuilleamaíocht ann maidir le trasphlandú mar ghné ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin cúraim sláinte a bhaineann le galair neamhtheagmhálacha, agus béim á leagan aige ar a thábhachtaí atá sé acmhainneacht theiripeach an deonaithe i gcás an deontóir a bheith éagtha a uasmhéadú agus ag an am céanna iarrachtaí a dhéanamh galair neamhtheagmhálacha agus mar a théann siad ar aghaidh a chosc.

---

[1] *Organ donation during the COVID-19 pandemic* [Deonú orgán le linn phaindéim COVID-19 Ahmed, Ola et al.], Ahmed, Ola et al. *American Journal of Transplantation*, Imleabhar 20, Eagrán 11, 3081 – 3088 https://www.amjtransplant.org/article/S1600-6135%2822%2921554-8/fulltext

[2] An Stiúrthóireacht Eorpach um Cháilíocht Leigheasra agus Cúraim Sláinte de chuid Chomhairle na hEorpa (EDQM). Newsletter Transplant: *International figures on donation and transplantation 2024* [Figiúirí idirnáisiúnta maidir le deonú agus trasphlandú 2024]. ISSN: 2171-4118 / NIPO: 691-15-002-5 https://freepub.edqm.eu/publications/PUBSD-87/detail


PUBLIC

22. Le Dearbhú Iostanbúl maidir le Gáinneáil Orgán agus Turasóireacht Trasphlandúcháin, a glacadh in 2008[3] agus a tugadh cothrom le dáta in 2018[4], cuirtear treoir eiticiúil ar fáil do ghairmithe agus do lucht ceaptha beartas agus tathantaítear orthu na tairbhí a bhaineann le trasphlandú a uasmhéadú agus a chomhroinnt go cothrom i gcomhréir le rialacha oibiachtúla, neamh-idirdhealaitheacha, trédhearcacha a bhfuil údar leo go seachtrach, arna dtreorú ag critéir chliniciúla agus noirm eiticiúla.

23. Leagadh béim sa Teachtaireacht ón gCoimisiún (2007) ar an nasc idir ganntanas orgán agus feiniméan na gáinneála (mír 7), agus luadh i rún 154/7 (2024) ó Bhord Feidhmiúcháin EDS go bhfuil 'rochtain neamhleor ar theiripí trasphlandaithe ar cheann de na bunchúiseanna leis an ngáinneáil'. Tugtar aghaidh freisin i gCoinbhinsiún Chomhairle na hEorpa i gcoinne na gáinneála ar orgáin an duine[5] (a glacadh i mí an Mhárta 2015 agus a tháinig i bhfeidhm i mí an Mhárta 2018) ar an idirnasc idir an ganntanas orgán agus an gháinneáil ar orgáin an duine. Thairis sin, le Treoir 2011/36/AE maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus na híospartaigh atá thíos léi a chosaint, cinntear pionóis choiriúla as gáinneáil ar dhaoine chun críoch orgáin a bhaint.

24. Le cleachtais nuálacha agus dul chun cinn teicneolaíoch i gcaomhnú agus i dtrasphlandú orgán, cuirtear bealaí a bhfuil gealladh fúthu ar fáil chun an linn deontóirí a leathnú, torthaí trasphlandaithe a fheabhsú agus aghaidh a thabhairt ar theorainneacha na módúlachtaí cóireála atá ann faoi láthair, agus ar an gcaoi sin béim a leagan ar an ngá atá le hinfheistíocht leanúnach i dtaighde agus i bhforbairt sa réimse sin.

25. I bhfianaise an ghá leanúnaigh atá le trasphlandú, leagtar béim ar a thábhachtaí atá sé creat tacaíochta dlíthiúil, eiticiúil agus oibríochtúil a chothú lena spreagtar deonú orgán ó dheontóirí éagtha agus ó dheontóirí beo, lena bhfeabhsaítear éifeachtúlacht agus inrochtaineacht na gcóras trasphlandaithe agus lena n-áirithítear cáilíocht agus sábháilteacht na gcleachtas trasphlandaithe ar fud an Aontais.

[3] Dearbhú Iostanbúl maidir le gáinneáil orgán agus turasóireacht trasphlandúcháin. Trasphlandú 2008; 86(8):1013-8. doi: 10.1097/TP.0b013e318185ffc9.
[4] Dearbhú Iostanbúl maidir le gáinneáil orgán agus turasóireacht trasphlandúcháin (Eagrán 2018). Trasphlandú 2019;103(2): 218-219. doi: 10.1097/TP.0000000000002540.
[5] https://rm.coe.int/16806dca3a



PUBLIC

**IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:**

26. Creataí institiúideacha, dlíthiúla agus eiticiúla A FHORBAIRT agus A FHEABHSÚ chun deonú agus trasphlandú orgán a éascú i gcomhréir le reachtaíocht agus treoirlínte reatha an Aontais, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar bhacainní airgeadais agus bonneagair, trí reachtaíocht a chur chun feidhme bunaithe ar na réitigh éagsúla, arna roghnú ag na Ballstáit, agus trí iarrachtaí a neartú chun gáinneáil orgán agus gáinneáil ar dhaoine chun orgáin a bhaint a chomhrac.

27. BEARTA A DHÉANAMH chun deonú orgán ó dheontóirí éagtha a FHORBAIRT le go bhféadfaí an leas teiripeach is mó is féidir a bhaint amach trí thionscnaimh iomchuí a chur san áireamh a mbeidh baint ag na páirithe leasmhara uile leo, agus trí líonraí de chomhordaitheoirí deontóirí a chruthú agus a neartú chun tacú le sainaithint réamhghníomhach deontóirí orgán a d'fhéadfadh a bheith ann agus le fíorú iomchuí chonair an deonaithe i gcás an deontóir a bheith éagtha[6].

28. Ról na gcomhordaitheoirí deontóirí agus gairmithe eile in ospidéil a NEARTÚ, lena n-áirítear cúram éigeandála, dianchúram agus néareolaíocht agus ról acu maidir le hothair deontóirí orgán a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint agus aire a thabhairt dóibh trí chomhar dea-struchtúrtha agus feidhmiúil a fhorbairt idir tionscnaimh maidir le haonaid dianchúraim[7] agus eagraíochtaí comhordaithe deontóirí, chun líon na ndeontóirí féideartha a shainaithneofaí a mhéadú agus chun feidhmíocht sa phróiseas deonaithe a bharrfheabhsú.

[6] Comhairle na hEorpa. Rún CM/Res(2015)11 maidir le clárlanna comhchuibhithe náisiúnta de dheontóirí atá ina mbeatha a bhunú d'fhonn comhroinnt idirnáisiúnta sonraí a éascú. https://search.coe.int/cm?i=09000016805c2a78

[7] Comhairle na hEorpa. Rún CM/Res(2015)10 maidir le ról agus oiliúint gairmithe cúraim chriticiúil i gcás an deontóir a bheith éagtha. https://search.coe.int/cm?i=09000016805c2b4a



PUBLIC

29. Oideachas agus oiliúint gairmithe cúraim sláinte A ÉASCÚ agus prótacail theiripeacha nua chun éifeachtúlacht agus fad an phróisis deonaithe agus oiriúnacht deontóirí orgán a bharrfheabhsú.

30. A MHOLADH, i gcás inarb iomchuí agus i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta, go bhforbrófaí cláir um dheonú tar éis Cinneadh Báis ar bhonn Imshruthú[8] chun an deis a thabhairt do níos mó othar orgáin a dheonú tar éis an bháis agus chun infhaighteacht orgán lena dtrasphlandú a mhéadú.

31. Cláir um dheonú orgán agus daoine ina mbeatha A BHARRFHEABHSÚ ar fud an tslabhra deonaithe, mar shampla trí obair leantach ar feadh an tsaoil a áirithiú, agus trí dheontóir beo an orgáin a chosaint ó thaobh leighis de agus go síceasóisialta, trí fhaisnéis chórasach a chur ar fáil maidir leis an rogha orgán a dheonú i gcás ina mbíonn an deontóir beo ar bhealach trédhearcach agus cuimsitheach agus trí bhacainní teicniúla ar dheonú orgán i gcás an deontóir a bheith beo a shárú (e.g. neamh-chomhoiriúnacht bhitheolaíoch), trína áirithiú nach ndéanfar na deonuithe sin ach laistigh de theorainneacha na ndlíthe, na nósanna imeachta agus na gcaighdeán is infheidhme agus nach gcaillfidh an deontóir aon airgead mar thoradh ar na deonuithe sin, agus trí spreagadh níos mó a chothú maidir le deonú trí nósanna imeachta iomchuí maidir le hearcú agus trí fhaisnéis a sholáthar, lena n-áirítear urraim do phrionsabal an deonaithe shaorálaigh agus gan íocaíocht.

32. Líon na gcomhaontuithe comhair trasteorann maidir le deonú agus trasphlandú orgán san Aontas A MHÉADÚ, agus sásraí comhair dea-fheidhmiúla/tionscnaimh chomhair dhea-fheidhmiúla atá ann cheana á n-aithint agus á n-urramú ag an am céanna (e.g. Eurotransplant, Scandiatransplant, South Alliance for Transplant, ardán FOEDUS agus comhaontuithe déthaobhacha idir na Ballstáit), lena n-áirítear trí leas iomlán a bhaint as acmhainneacht na gcóras tréleata orgán chun amanna iompair níos faide a áirithiú agus chun an úsáid is fearr is féidir a bhaint as an líon teoranta orgán atá ar fáil, agus malartú idirnáisiúnta sonraí maidir le torthaí cliniciúla a chur chun cinn chun torthaí a mheasúnú agus a fheabhsú.

[8] Comhairle na hEorpa. Moladh CM/Rec(2022)3 ó Choiste na nAirí chuig na Ballstáit maidir le cláir maidir le horgáin a dheonú, tar éis chinneadh báis ar bhonn imshruthú, a fhorbairt agus a bharrfheabhsú, https://rm.coe.int/0900001680a5a3e7

PUBLIC

33. Cláir chuimsitheacha oideachais agus oiliúna a SPREAGADH do ghairmithe cúraim sláinte i ndeonú agus i soláthar orgán, lena n-áirítear trí fhaisnéis bhunúsach a ionchorprú maidir le deonú agus trasphlandú i gcuraclaim fochéime, tacú le rannpháirtíocht i gcláir oiliúna chreidiúnaithe agus oiliúint leanúnach a bhunú d'fhoirne a bhfuil baint acu le deontóirí a shainaithint, tuairisciú, bainistiú, cur chuige teaghlaigh agus aisghabháil orgán.

34. Oideachas poiblí A MHOLADH atá curtha in oiriúint d'aois agus do riachtanais shonracha gach pobail maidir le deonú agus trasphlandú orgán agus feasacht ina leith a spreagadh trí oideachas sna scoileanna, agus rannpháirtíocht na meán a spreagadh le h-iarrachtaí chun dul i bhfeidhm ar ghrúpaí atá scoite amach a bhfuil cur chuige difriúil ag teastáil uathu agus trédhearcacht a léiriú sna próisis a bhaineann le deonú ó dhuine atá ina bheatha nó éagtha d'fhonn muinín an phobail a fheabhsú.

35. FEABHAS A CHUR ar chúram imobráide agus iarobráide agus ar oideachas othar d'fhaighteoirí trasphlandaithe deontóra atá ina bheatha trí fhoirne gairmiúla leighis ildisciplíneacha agus eagraíochtaí othar chun caillteanas orgán a chosc agus cur chuige ildisciplíneach atá dírithe ar an othar á áirithiú ag an am céanna, agus chun téarnamh a fheabhsú agus toiliú feasach agus tuiscint ar roghanna cóireála d'othair a áirithiú.

36. FÉACHAINT LE maoiniú a áirithiú do chláir agus do thaighde a bhaineann le deonú agus trasphlandú orgán, lena n-áirítear tacaíocht theicniúil ón Aontas do bhonneagar, d'oideachas, d'oiliúint, do dhigiteáil agus do thaighde, chomh maith le beartais maidir le haisíoc costas le hospidéil le haghaidh bainistiú deontóirí, baint orgán agus sonraí faoi obair leantach le deontóirí.

37. Malartú gairmithe sláinte idir na Ballstáit A ÉASCÚ chun plé a dhéanamh ar eolas teicniúil agus oibríochtúil faoi chláir éagsúla i ndáil le deonú agus trasphlandú.


PUBLIC

38. AGHAIDH A THABHAIRT AR éagothromaíochtaí a bhaineann le deonú agus trasphlandú orgán trí straitéisí agus gníomhaíochtaí náisiúnta a fhorbairt chun tacú le clárú ar liostaí feithimh trasphlandaithe, athbhreithniú a dhéanamh ar na liostaí feithimh agus ar na critéir leithdháilte, agaí feithimh níos faide a laghdú d'othair mar shampla iarrthóirí ardimdhíonta agus péidiatraiceacha agus scéimeanna cumarsáide agus tionscnaimh oideachais a fhorbairt atá saincheaptha do phobail éagsúla.

39. TACÚ le trasphlandú orgán trasteorann trí na bonneagair sláinte digití atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo a ghiaráil chun úsáid phríomhúil taifead sláinte leictreonach caighdeánaithe a fheabhsú agus le gur féidir rochtain rianúil ar shonraí othar a thabhairt i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha maidir le cosaint sonraí.

40. FEABHAS A CHUR AR chumais taighde agus úsáid thánaisteach sonraí a thacaíonn le tagarmharcáil agus comhroinnt sonraí i measc údaráis náisiúnta agus eagraíochtaí neamhspleácha Eorpacha ceaptha a chur chun cinn, i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha maidir le cosaint sonraí, chun clárú agus anailís chuí ar thorthaí trasphlandaithe a áirithiú, comhroinnt agus comhdhlúthú sonraí anaithnidithe idir ospidéil agus úsáid Beart Torthaí arna dTuairisciú ag Othar- a spreagadh faoi chuimsiú tionscadal taighde chun cáilíocht saoil agus dea-bhail na n-othar agus na ndeontóirí beo a mheasúnú roimh an trasphlandú agus ina dhiaidh araon.

41. OIBRIÚ I gCOMHAR LE CHÉILE chun clárú othar, atá buailte le cliseadh orgán ag na céimeanna deiridh, ar chórais liostaí feithimh trasphlandaithe a fheabhsú chun rochtain chomhionann a thabhairt d'othair a bhfuil trasphlandú orgáin tarrthála de dhíth orthu.



PUBLIC

**IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:**

42. Plean gníomhaíochta an Aontais maidir le deonú agus trasphlandú orgán A THABHAIRT COTHROM LE DÁTA trí thógáil ar an méid atá bainte amach cheana féin agus ar na léargais a fuarthas ó chur chun feidhme an phlean gníomhaíochta atá ann cheana, agus na difríochtaí dlíthiúla, eiticiúla agus eagraíochtúla, na réamhchoinníollacha agus na difríochtaí sna hacmhainní atá ar fáil idir na Ballstáit á gcur san áireamh, agus tábhacht na gníomhaíochta i réimse chur chun cinn na sláinte agus an choisc ar ghalair neamhtheagmhálacha á cur san áireamh chun an t-éileamh ar thrasphlandú orgán a mhaolú. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag an bplean gníomhaíochta an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) béim a leagan ar chur chuige ón mbun aníos chun cuspóirí soiléire a mbeidh tionchar acu a leagan síos, cuspóirí a mbeidh baint ag gairmithe, riarthóirí, polaiteoirí agus an pobal i gcoitinne leo;

(b) foghlaim fhrithpháirteach agus malartú eolais a neartú agus tacú le tíortha a bhfuil dúshláin chomhchosúla rompu trí chruinnithe comhpháirteacha idir údaráis inniúla agus rannpháirtíocht níos leithne na bpáirtithe leasmhara chun dea-chleachtais agus nuálaíochtaí maidir le deonú agus trasphlandú orgán a chomhroinnt, go háirithe lena n-áirítear nuálaíochtaí lena bhfeabhsaítear na nósanna imeachta maidir le bailiú, caomhnú agus leithdháileadh, agus ar an gcaoi sin cur siar agus diúltú deontóirí agus orgán deontóra a laghdú;

(c) comhar trasearnála a fheabhsú trí dheiseanna foghlama ó réimsí cóngaracha mar shampla fíocháin agus cealla a shainaithint, chun bonn eolais agus cleachtais na hearnála deonaithe agus trasphlandaithe orgán a shaibhriú;

(d) tacú le córais deonacháin a fhorbairt trí aird a tharraingt ar riachtanais na dtíortha nach bhfuil córais chomh forbartha sin acu agus aghaidh a thabhairt ar na riachtanais sin chun dul chun cinn cothrom a áirithiú ar fud an Aontais;

(e) díriú ar chur chun feidhme agus ar inbhuanaitheacht, lena n-áiritheofar tionchar fadtéarmach trí infheistíocht mharthanach i mbonneagar TF agus trí thiomantas marthanach na bpáirtithe uile atá bainteach leis;

PUBLIC

(f) féachaint an bhféadfaí réimsí nua a chuimsiú sa phlean gníomhaíochta, mar shampla deonú tar éis bás a chinneadh ar bhonn imshruthú a leathnú do na tíortha sin a chinneann tabhairt faoin gcur chuige sin, creataí maidir le deonú beo a fheabhsú agus tacú leis na Ballstáit feabhas a chur ar straitéisí cumarsáide chun feasacht agus oideachas an phobail a ardú maidir le deonú orgán;

(g) oideachas agus oiliúint ghairmiúil a chur chun cinn chun feabhas a chur ar cháilíocht na gclár oiliúna ar fud an Aontais, leas a bhaint as acmhainneacht an chur chuige Eorpaigh i leith micridhintiúr[1] agus comhar agus comhroinnt dea-chleachtas a chothú i measc gairmithe cúraim sláinte maidir le deonú agus trasphlandú orgán;

(h) tacú le hinstitiúidí ardoideachais agus gairmoideachais agus gairmoiliúna[2] ina ról mar sholáthraithe foghlama ar feadh an tsaoil, lena n-áirítear trí mhicridhintiúir agus aistriú torthaí taighde san oideachas agus san oiliúint;

(i) aghaidh a thabhairt ar chomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú, lena n-áirítear trí thaithí maidir le cúram a roinnt trí fheachtais faisnéise shaincheaptha chun grúpaí mionlaigh agus leochaileacha, mar aon le deontóirí nua, a chur ar an eolas, agus trína áirithiú go bhfreastalaíonn seirbhísí trasphlandaithe go héifeachtach ar gach cuid den tsochaí;

(j) feabhas a chur ar thorthaí cáilíochta agus cliniciúla trí threoirlínte comhchoiteanna a fhorbairt chun meastóireacht, iniúchadh agus tagarmharcáil a dhéanamh ar fheidhmíocht ospidéil, agus trí bhith-fhorairdeall a úsáid chun feabhas a chur ar shábháilteacht agus ar cháilíocht i dtrasphlandú orgán;

(k) feabhas a chur ar chomhtháthú deonú orgán i gcúram deireadh saoil, agus na príomhspriocanna sláinte duine a leigheas á n-urramú agus tús áite á thabhairt do chúram maolaitheach deireadh saoil, agus an fhéidearthacht maidir le deonú orgán á cur san áireamh ag an am céanna;

[1] Moladh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le cur chuige Eorpach i leith micridhintiúr don fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus don infhostaitheacht 2022/C 243/02 (IO C 243, 27.6.2022, lch. 10).

[2] Gairmoideachas agus gairmoiliúint

(l) éifeachtúlacht agus maoiniú an trasphlandaithe a bharrfheabhsú trí eolas a roinnt maidir leis an slabhra deonaithe a bharrfheabhsú, aghaidh a thabhairt ar éagothromaíochtaí airgeadais agus costéifeachtúlacht na gclár trasphlandaithe a léiriú chun tacú le hinfheistíocht náisiúnta i gcórais thrasphlandaithe;

(m) deiseanna taighde a leathnú i réimsí cosúil le torthaí iar-thrasphlandaithe, barrfheabhsú deontóirí, caomhnú orgán agus teicneolaíochtaí nua teiripeacha, chun feabhas a chur ar réimse an deonaithe agus an trasphlandaithe orgán ar bhonn leanúnach.

43. TACÚ le forbairt moltaí agus treoirlínte ón Stiúrthóireacht Eorpach um Cháilíocht Leigheasra agus Cúraim Sláinte a chuidíonn leis na Ballstáit a gcreataí institiúideacha agus beartais a bheachtú maidir le deonú agus trasphlandú orgán. Agus na treoirlínte sin á gcruthú, ba cheart rannpháirtíocht grúpa éagsúil páirtithe leasmhara a spreagadh, darb aidhm timpeallachtaí tacúla éifeachtacha a bhunú do chleachtais deonaithe agus trasphlandaithe orgán.

PUBLIC

**IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:**

44. Comhar trasteorann A MHOLADH idir na Ballstáit agus TACÚ LEIS an gcomhar sin i ngníomhaíochtaí deonaithe agus trasphlandaithe orgán. Áirítear leis sin, de réir mar is gá, ardán deonach a bhunú le haghaidh comhair nó malartú a fheabhsú i measc na n-údarás inniúil náisiúnta, comhoibriú, bunú agus fás seirbhísí trasphlandaithe orgán, clár malartaithe orgán agus clár neamhréire a éascú agus dea-chleachtais a mhalartú chun éifeachtúlacht agus tionchar na seirbhísí trasphlandaithe a mhéadú.

45. Pointí fócasacha náisiúnta agus lárchórais tuairiscithe A FHORBAIRT A THUILLEADH chun faisnéis bhunriachtanach a bhailiú agus a scaipeadh le haghaidh freagairtí dlíthiúla agus beartais, agus cearta an duine agus saoirsí bunúsacha daoine aonair á n-urramú ag an am céanna i gcomhthéacs an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag iarrachtaí feabhas a chur ar thrédhearcacht maidir le deonú agus trasphlandú orgán, go háirithe i gcás gníomhaíochtaí a leathnaítear amach thar theorainneacha náisiúnta, agus aird ar leith á tabhairt ar gháinneáil ar orgáin dhaonna i bhfianaise Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le gáinneáil ar orgáin dhaonna[3], trí na sásraí tuairiscithe atá ann cheana a fheabhsú i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha maidir le cosaint sonraí, agus i gcomhar leis an Stiúrthóireacht Eorpach um Cháilíocht Leigheasra agus Cúraim Sláinte, de réir mar is iomchuí.

46. TACÚ le córais idirnáisiúnta bailithe agus comhroinnte sonraí sláinte a fhorbairt agus a chur chun feidhme, faoi chuimsiú an chreata reachtaigh atá ann faoi láthair, lena gcuirfí ar chumas na mBallstát cúraimí ábhartha a bheadh chun leas an phobail a chomhlíonadh sa tsláinte phoiblí, mar shampla a áirithiú go nglacfar ardchaighdeáin chomhchuibhithe, chothroma agus thrédhearcacha maidir le cáilíocht agus sábháilteacht i ndáil le deonú agus trasphlandú orgán.

---

[3] https://rm.coe.int/16806dca3a